# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

S.44T

SCRÚDU AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

## STAIDÉAR GNÓ - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR 11

**(160 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – IARNÓIN, 2.00 go 4.00

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le Fóiliónna agus Dátaí a thaispeánann an lá, an mhí agus an bhliain, de réir mar is cuí.
- Is ceadmhach áireamh____áin a úsáid.

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le Fóiliónna agus Dátaí a thaispeánann an lá, an mhí agus an bhliain, de réir mar is cuí.
Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Freagair GACH roinn. Is ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála agus le Mórleabhar.**

Thaispeáin Ó DUFAIGH Tta na hiarmhéideanna seo a leanas ina Leabhar Cúnta Ginerálta ar 1 Márta 2005:

**LEABHAR CÚNTA GINEARÁLTA ( Leathanach 1)**

| Dáta | Sonraí | F | Dr. € | Sr. € |
|---|---|---|---|---|
| 1/3/2005 | Foirgnimh | MLG1 | 300,000 | |
| | Creidiúnaí COYLE Tta | MLC1 | | 50,000 |
| | Caipiteal Gnáthscaireanna | MLG2 | | 250,000 |
| | Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal Ó DUFAIGH Tta | | 300,000 | 300,000 |

**(A)** Breac na hiarmhéideanna sa Leabhar Cúnta Ginearálta thuas do na cuntais mhórleabhair chuí. (4)

**(B)** Déan na Bearta Creidmheasa seo a leanas a thaifeadadh i Leabhar na gCeannachán agus i Leabhar Aischur Amach. Breac na figúirí cuí do chuntais an mhórleabhair.

5/3/2005 Ceannaíodh earraí ar cairde ó DOYLE Tta Uimh. Shonraisc 12 €80,000 + CBL 21%
9/3/2005 Earraí aischurtha go dtí COYLE Tta Nóta Creidmheasa Uimh. 30 €15,000 + CBL 21%
(12)

**(C)** Déan na Bearta Bainc seo a leanas a thaifeadadh do mhí Márta. Breac na figúirí cuí don mhórleabhar.
Nóta: Miondealaigh na bearta bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidie seo a leanas i gcolúin an airgid:

**Taobh an Dochair ( Fáltais) :** Banc; Díolacháin; CBL; Caipiteal Scairchaipiteal

**Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí):** Banc; Ceannacháin; CBL; Creidiúnaithe; Fógraíocht

2/3/2005 D’infheistigh scairshealbhóir €50,000 agus lóisteáladh é sin. Admháil Uimh. 1
8/3/2005 Fógraíocht íochta (Seic Uimh. 1) €6,000
16/3/2005 Lóisteáladh Díolacháin ar Airgead Síos €72,600 ( €60,000 + €12,600 CBL)
21/3/2005 Íocadh a chuntas iomlán le COYLE Tta. (Seic Uimh. 2)
30/3/2005 Ceannacháin le hathdhíol (Seic Uimh. 3) €30,000 + CBL 21% (17)

**(D)** Comhardaigh na cuntais ar 31 Márta 2005 agus bain amach Comhardú Trialach amhail ar an dáta sin.
(7)
**(40 marc)**

**2.** **Freagair GACH Roinn. Ceist imeasctha í seo a bhaineann le Stocáireamh, Doiciméid agus Leabharchoimeád**

**(A)** (i) Luaigh **dhá** chúis ar chóir do ghnó stocáireamh a chur i gcrích.

(ii) Imlínigh modh imeachta oiriúnach chun stocáireamh a chur i gcrích. (10)

**(B)** Ordaíodh na hearraí seo a leanas, Ordú Uimh. 45, ó Soláthairtí Oifige Tta, ag Kelly Tta, An Nás, Co. Chill Dara.

12 Chaibinéad Chomhad le Ceithre Doirse @ €100 an ceann
10 gCathaoir Oifige @ €80 an ceann

Bhí na hearraí uile ar láimh agus seachadadh iad do Kelly Tta. Ar an 10ú Bealtaine 2005 d'eisigh Soláthairtí Oifige Tta Duillín Seachadta Uimh. 23 leis na hearraí. Síníodh an Duillín Seachadta seo ag Maureen McDann, Bainisteoir Ceannaigh, ar son Kelly Tta.

(i) Imlínigh conas ba cheart do Soláthairtí Oifige Tta plé le Duillíní Seachadta amach.

(ii) Comhlánaigh an Duillín Seachadta *ar an mbileog dhoiciméid bhán atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.* (12)

**(C)** Ar an 30 Bealtaine 2005 d'eisigh soláthairtí Tta Sonrasc Uimh. 47 le haghaidh na n-earraí a seachadadh. Ba í an Lascaine Thrádála ná 30% agus an CBL ná 21%.

(i) Comhlánaigh Sonrasc Uimh. 47 *ar an mbileog dhoiciméid bhán atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(ii) Taifead an Sonrasc a eisíodh i Leabhar Díolachán Soláthairtí Oifige Tta *ar an mbileog ar leith atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*. (18)

**(40 marc)**

**3.**

**Freagair GACH Roinn. Ceist í seo a bhaineann le Scríobh Tuairisce agus le hÁrachas.**

Déanann agus seachadann NPD ELECTRIC Tta, 34 Bóthar na Spréiche, An Ghaillimh, fearais leictreacha don teach. Díoltar a dtáirgí in Éirinn.

Is mian le NPD ELECTRIC athbhreithniú a dhéanamh ar a bpolasaithe árachais agus teastaíonn uatha comhairle a fháil ar a riachtanais árachais. Cuireann siad ar fáil an t-eolas seo a leanas

I measc a sóchmhainní tá: Áitreabh; Fearas; Feithiclí Mótair; Stoc Fearas Leictreach.
Tá ochtó duine ar an bhfoireann oibre.
Lóisteálann NPD ELECTRIC Tta a gcuid airgid dhá uair sa tseachtain i mbanc atá deich gciliméadar uatha.

**(A)** Cuir i gcás gur tusa Comhairleoir Árachais, 10 Castle View, Ros Comáin.
Ullmhaigh tuairisc, ar dháta an lae inniú le haghaidh stiúrthóirí NPD Electric Tta ag leagan amach.

(i) **Dhá** chineál árachais atá riachtanach do NPD ELECTRIC Tta de réir an dlí;

(ii) **Ceithre chineál eile** árachais a bheadh ábhartha agus a mholfá dóibh, agus na cúiseanna lena leithéidí a bheith acu;

(iii) An tábhacht a bhaineann le dóthain árachais a bheith ag NPD ELECTRIC Tta (32)

**(B)** Mhol Martina do stiúrthóiri NPD ELECTRIC Tta gur cheart dóibh, agus an phréimh árachais á ríomh acu an phréimh bhunúsach, an t-ualú agus na hasbhaintí a chur san áireamh. Ba é €25,000 an phréimh bhunúsach, an t-ualú 30% den phréimh sin agus na hasbhaintí 12% den phréimh sin móide ualú.
(i) Liostaigh sampla amháin d'ualú agus sampla amháin d'asbhaint a chuirfeadh NPD ELECTRIC san áireamh, b`fhéidir, agus an Phréimh á áireamh acu.

(ii) Ríomh an táille iomlán le haghaidh NPD ELECTRIC Tta.
(Taispeáin do chuid oibrithe). (8)

**(40 marc)**

4. **Freagair GACH Roinn. Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair KERRY Tta ar an 31 Márta 2005.
Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 420,000 gnáthscaireanna ar €1 an ceann.

| **COMHARDÚ TRIALACH KERRY Tta ar an 31 Márta 2005** | **Dr.**<br>**€** | **Sr.**<br>**€** |
|---|---|---|
| Ceannacháin agus Díolacháin | 110,000 | 260,000 |
| Aischuir amach | | 12,000 |
| Stoc Tosaigh /1/4/04 | 38,500 | |
| Dleacht Allmhairíochta | 4,500 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 60,000 | 32,000 |
| Carraeireacht Amach | 17,000 | |
| Árachas | 8,000 | |
| Solas agus Teas | 13,800 | |
| Innealra | 140,000 | |
| Áitreabh | 300,000 | |
| Ús Infhaighte | | 7,500 |
| Airgead Tirim | 1,700 | |
| Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais) | | 40,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe: 350,000 gnáthscaireanna ar €1 | | 350,000 |
| Iasacht 15 bliana | | 60,000 |
| Feithiclí Mótair | 68,000 | |
| | 761,500 | 761,500 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntas Trádála, Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Cuntas Leithghabhála** an chomhlachta a ullmhú don bhliain dar chríoch 31 Márta 2005 maille le **Clár Comhardaithe** amhail ar an data sin

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit amhail ar an 31 Márta 2005.

(i) Stoc ar deireadh €13,500
(ii) Solas agus Teas dlite € 3,200
(iii) Ús Infhaighte dlite € 2,000
(iv) Díbhinn fógraithe 8%
(v) Dímheas: Innealra 16%; Feithiclí Mótair 20% (35)

**(B)** Luaigh **trí** costaisí a bhaineann le seachadadh earraí, seachas costas na bhfeithiclí. (5)
**(40 marc)**

**5.** **Freagair GACH Roinn. Ceist Imeasctha í seo a bhaineann le hAirgeadas Gnó agus le hIarratas ar Iasacht.**

**(A)** Déan staidéar ar an bhfógra seo a leanas le haghaidh iasachtaí agus freagair an cheist thíos.

> ***Lig do M &M Finance Tta Lámh Chúnta Airgeadais a Thabhairt***
>
> Iasachtaí ar fáil ar na coinníollacha seo a leanas:
>
> Roinntear Aisíocaíochtaí Caipitil go cothrom ar thréimhse na hIasachta;
>
> Ús 9% RCB

Fuair Ó MURCHÚ Tta iasacht **trí bliana** de €12,000 ó M & M Finance Ltd.
Ríomh an t-ús iomlán iníoctha (Taispeáin do chuid oibrithe) (12)

**(B)** Déanann S &R CONCRETE Tta earraí coincréite i Quarry Lane, Sligeach. Is iad Maura Stone agus Paddy Rock an bheirt stiúrthóirí. Is le S&R CONCRETE Tta cairéil ar fiú €2,000,000 iad agus innealra agus trucailí ar fiú €250,000 iad.
Tá ioncam míosúil de €60,000 acu agus measann siad go méadóidh seo de 20% má fhaigheann siad foirgnimh nua a chosnóidh €85,000, innealra a chosnóidh €120,000 agus cúig trucailí nua ar €50,000 an ceann.

Tá cúlchistí de €35,000 ag S&R CONCRETE Tta. Infheisteoidh na stiúrthóirí €40,000 an duine agus gheobhaidh siad deontas de €75,000.

Ar an 1 Meitheamh 2005 chuir said iarratas isteach ar iasacht deich mbliana ó M&M Finance Tta. Tugadh an iasacht ar an 15 Meitheamh 2005.

Iarrtar ort:

(i) Ríomh méid na hiasachta atá ag teastáil (taispeáin do chuid oibrithe);

(ii) Comhlánaigh an Fhoirm Iarratais Iasachta *ar an bhfoirm bhán iarratais iasachta atá ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(iii) Taifead admháil na hiasachta i gCuntas Iasachta M&M Finance agus I gCuntas an Bhainc *atá ar fáil leis an bpáipéar seo.* (28)

**(40 marc)**

**6.** **Freagair GACH Roinn. Is ceist í seo a bhaineann le Cineálacha Úinéireacht Gnó agus Measúnú Gnó.**

Fuarthas an t-eolas seo a leanas, ag baint le cineálacha úinéireacht gnó i gcontae, ó shuirbhé.

| **Cineál Úinéireacht Gnó** | Státúinéireacht | Comhoibrithigh | Trádálaithe Aonair | Comhlachtaí Teoranta Príobháideacha |
|---|---|---|---|---|
| **Uimhir** | 4 | 2 | 28 | 16 |

**(A)** Léirigh an t-eolas seo ar bharrachairt. (10)

**(B)** (i) Luaigh **ceithre** samplaí de ghnólachtaí atá faoi úinéireacht stáit.

(ii) Mínigh **dhá** chúis a bhfuil gnólachtaí faoi uinéireacht stáit ar fáil in Éirinn (10)

**(C)** Déan comparáid idir Trádálaithe Aonair agus Comhlachtaí Teoranta Príobháideacha faoi na ceannteidil seo a leanas:

(i) Úinéireacht;

(ii) Modhanna Bunaithe;

(iii) Brabúis;

(iv) Dliteanas. (10)

**(D)** Cuireann LOGJAM Tta na figiúirí seo a leanas ar fáil don bhliain 2004:

Díolacháin € 180,000; Stoc ar Deireadh €12,000; Brabús Glan €66,000;

Sócmhainní Reatha €61,000; Fiachais Reatha €32,000; Caipiteal in Úsáid €420,000.

Ríomh na cóimheasa seo a leanas (go dtí an **dara** deachúil is gaire):

(i) Céatadán Brabúis Glan;

(ii) Cóimheas Fíorthástála;

(iii) Toradh ar Chaipiteal in Úsáid. (10)

**(40 marc)**

# LEATHANACH

# BÁN